An Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta, 2007-2016

# Tuarascáil ar Chuimsiú Sóisialta, agus í ag cuimsiú Thuarascálacha Bliantúla 2011 agus 2012

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

Arna foilsiú ag

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Teach Gandon, Sráid Amiens

Baile Átha Cliath 1

*ISBN:* 978-1-908109-19-4

An Roinn Coimirce Sóisialaí 2013

Baile Átha Cliath, Éire

Samhain 2013

## Clár na nÁbhar

RÉAMHRÁ AN AIRE ........ 4

CAIBIDIL 1 ........ 6

Réamhrá ........ 6

CAIBIDIL 2 ........ 8

An Sprioc Náisiúnta Shóisialta um Laghdú Bochtaineachta ........ 8

CAIBIDIL 3 ........ 11

Sprioc bochtaineachta den Eoraip in 2020 ........ 11

CAIBIDIL 4 ........ 13

Leanaí ........ 13

CAIBIDIL 5 ........ 20

Daoine in Aois Oibre ........ 20

CAIBIDIL 6 ........ 23

Daoine scothaosta ........ 23

CAIBIDIL 7 ........ 26

Daoine faoi Mhíchumas ........ 26

CAIBIDIL 8 ........ 29

Pobail ........ 29

## Liosta Cairteacha

**Léaráid 1:** Leanaí – Stádas Gníomhartha na Roinne in 2012 ........ *19*

**Léaráid 2:** Aois Oibre – Stádas Gníomhartha na Roinne in 2012 ........ *21*

**Léaráid 3:** Seanóirí – Stádas Gníomhartha na Roinne in 2012 ........ *25*

**Léaráid 4:** Daoine faoi Mhíchumas – Stádas Gníomhartha na Roinne *28*

**Léaráid 5:** Pobail – Stádas Gníomhartha na Roinne in 2012 ........ *32*

## Réamhrá an Aire



Is áthas liom an Tuarascáil ar Chuimsiú Sóisialta a chur in bhur láthair, rud a chuimsíonn cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 le haghaidh na mblianta 2011 agus 2012. Ullmhaítear an tuarascáil thréimhsiúil seo i gcomhréir le próisis mhonatóireachta agus mheasúnachta an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta. Cuirtear leis an tuarascáil seo le tábla tagartha gníomhartha ar leith ina bhfuil ábhar ar dhul chun cinn maidir le gach beart aonair a bhaineann leis an bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta.

Tá dul chun cinn aitheanta sa tuarascáil ar fud réimse leathan ceisteanna polasaí i rith thréimhse an athbhreithnithe. Go ginearálta, tá tuairiscithe ag Ranna agus Gníomhaireachtaí go bhfuil dul chun cinn déanta ar fud cuid mhaith spriocanna/gníomhartha a bhaineann le spriocanna ardleibhéil an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta. Ach tá fianaise ar thionchar díobhálach an choir eacnamaíoch chun donais i rith thréimhse an athbhreithnithe ann go fóill. Agus an cás sin ann, cuirim fáilte roimh fhianaise bhreise go bhfuil iarrachtaí déanta ag Ranna agus Gníomhaireachtaí bealaí nua cuir chuige a fhorbairt chun gníomhartha a dhéanamh mar chúiteamh ar chiorrú gníomhaíochtaí mar gheall ar an gcás eacnamaíoch atá ann faoi láthair.

Is ardmhian bhunúsach de chuid shochaí na hÉireann agus an Rialtais é dul i ngleic le bochtaineacht. Tá a thiomantas bochtaineacht a laghdú athdhearbhaithe ag an Rialtas trí athmheas agus feabhsú a dhéanamh ar an sprioc náisiúnta shóisialta um laghdú bochtaineachta. Is é is aidhm di seo ná bochtaineacht chomhsheasmhach a laghdú go 4% faoi 2016, agus go 2% nó níos lú faoi 2020. Tá fospriocanna breise le dul i ngleic le bochtaineacht i measc leanaí agus i dteaghlaigh gan phost le bheith socraithe go fóill.

Ar mhaithe le tacú le cur i bhfeidhm na sprice nua, d'fhoilsigh mo Roinn-se an chéad Mhonatóir ar Chuimsiú Sóisialta níos luaithe i mbliana, chun dul chun cinn na sprice a rianú ar bhealach oscailte agus trédhearcach. Tá an Monatóir agus an Tuarascáil ar Chuimsiú Sóisialta mar chóras láidir chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo bhaint amach na sprice agus chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta.

Is mór an difear idir na dúshláin atá roimh an tír anois agus na dúshláin a bhí ann nuair a dréachtaíodh an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta in 2007. Tá gá le hathchóiriú maidir le nuachóiriú córais coimirce sóisialaí, feabhsú a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an aistrithe airgid agus neartú an chuimsithe ghníomhaigh. Tá gá le polasaithe ar chuimsiú gníomhach go háirithe, le dul i ngleic leis na dúshláin fostaíochta agus shóisialta.

Cuireann mo Roinn-se réimse leathan tacaí ioncaim ar fáil tríd an gcóras coimirce sóisialaí dóibh siúd atá i ngátar, ar chostas de bhreis is €20 billiún in 2013. In ainneoin an ghá atá le coigilteas i gcaiteachas leasa shóisialaigh, chosain mé príomhrátaí seachtainiúla leasa shóisialaigh i mBuiséid leantacha. Tá tacaíocht ioncaim mar phríomhchuid de chur chuige an Rialtais chun ár saoránaigh a chosaint ó na drochthionchair is measa atá mar thoradh ar an ngéarchéim. Is maith an rud é a fheiceáil go bhfuil ag éirí go maith lena leithéid d'aistriú sóisialta laghdú os cionn 60% a dhéanamh ar bhochtaineacht, agus is é seo ceann de na torthaí is fearr san AE, atá a bhfuil meán níos lú ná 40 faoin gcéad i gceist.

In éineacht le tacaíocht ioncaim, tá gá le bearta gníomhachtaithe chun teacht ar fhostaíocht a chumasú, go háirithe don chéatadán suntasach den daonra i dteaghlaigh gan phost. Tá ról ríthábhachtach ag mo Roinn-se i bhforbairt a dhéanamh ar chur chuige comhtháite polasaí i leith cuimsiú gníomhach, tacaíocht ioncaim a nascadh le chéile, margaí oibre atá cuimsitheach a chruthú agus teacht ar sheirbhísí trí thionscnaimh amhail Intreo agus Conairí chun Oibre a chur ar fáil.

Is é cuspóir sáraitheach an Rialtais ná méadú a dhéanamh ar fhostaíocht, fíorfhás inbhuanaithe eacnamaíoch a chothú, agus na daoine is leochailí inár sochaí a chosaint. Tá mé muiníneach go mbeidh sé mar thoradh ar chur ar fáil polasaithe spriocdhírithe ar fud ranna Rialtais taobh istigh de chreat an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta agus polasaithe eile Rialtais, rudaí a bheidh treisithe ag acmhainní agus tiomantas na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta, tá mé muiníneach go mbeidh sé mar thoradh orthu seo go mbainfear amach an sprioc náisiúnta shóisialta um laghdú bochtaineachta.

Joan Burton

Joan Burton, TD.
An tAire Coimirce Sóisialaí

# Caibidil 1

# Réamhrá

## An Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta, 2007-2016

Tá an Tuarascáil seo ar Chuimsiú Sóisialta mar chuid de na meicníochtaí monatóireachta agus tuairiscithe a bhfuil soláthar déanta dóibh sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta. Cuimsíonn an tuarascáil an tréimhse ó Eanáir 2011 go Nollaig 2012. Bhí ullmhú agus tiomsú na tuarascála comhordaithe ag an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta sa Rannóg um Chuimsiú Sóisialta, le tacaíocht ó na Ranna bainteacha Rialtais a chuir ábhar ar fáil don tuarascáil. Seo an ceathrú tuarascáil, agus chuimsigh na trí cinn roimhe seo na tréimhsí 2007, 2008 agus 2009-2010 faoi seach.

Aithníonn an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta réimse leathan gníomhartha agus idirghabhála chun cuspóir foriomlán laghdaithe bochtaineachta comhsheasmhaí a bhaint amach. Déanann an plean tosaíocht de 12 sprioc ardleibhéil maidir le leanaí, daoine in aois oibre, seanóirí, daoine faoi mhíchumas agus pobail. Aithníonn sé suas le 150 gníomh ar fud Ranna agus gníomhaireachtaí a bhfuil sainordú sóisialta acu, mar chuid de chur chuige straitéiseach chun tionchar cinntitheach a imirt ar bhochtaineacht i rith na tréimhse go 2016.

## An Sprioc Náisiúnta Bhochtaineachta

Príomhghné den Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta ná an sprioc náisiúnta bochtaineachta, rud a leagan amach mian an Rialtais laghdú a dhéanamh ar, agus deireadh a chur le bochtaineacht. Rinne an Rialtas athmheas agus feabhsú ar an sprioc náisiúnta bochtaineachta in 2012, rud a athainmníodh mar ‘an sprioc náisiúnta shóisialta um laghdú bochtaineachta’. Is é an sprioc athmheasta ná laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht chomhsheasmhach go 4 faoin gcéad faoi 2016 (sprioc eatramhach), agus go 2 faoin gcéad nó níos lú faoi 2020, ón ráta bunlíne 6.2 faoin gcéad ó 2010. Chomh maith leis sin, tá dhá fhosprioc nua náisiúnta comhaontaithe ag an rialtas maidir le leanaí agus teaghlaigh gan phost, agus chun cur i bhfeidhm na sprice a neartú trí mhonatóireacht bhliantúil agus measúnú ar thionchar sóisialta.

## Athbhreithniú ar an Struchtúr Tuairiscithe

Rinneadh athbhreithniú ar struchtúr tuairiscithe an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta tar éis d'athmheas a bheith déanta ar an sprioc náisiúnta bochtaineachta in 2012. Chuimsigh sé seo measúnú ar ghníomhartha chun a mbainteacht leanúnach a dhearbhú. Fuair an t-athbhreithniú amach go raibh cuid acu críochnaithe, nó go raibh siad curtha ar ceal mar gheall ar athruithe polasaí agus gur ghá iad a nuashonrú. Tar éis don athbhreithniú seo a bheith déanta, cinneadh ar thuairisciú sa tuarascáil seo ar an 12 Sprioc Ardleibhéal sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta, agus ar bhealach ar leith ar na gníomhartha i bhfoirm tábla, agus na nuashonrúcháin ar dhul chun cinn á dtabhairt le haghaidh na tréimhse baintí.

Cuirfear an Tuarascáil um Chuimsiú Sóisialta ar spriocanna an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta agus tábla ar leith a léiríonn dul chun cinn maidir le gníomhartha an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta, cuirfear ar fáil iad do pháirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne ar shuíomh gréasáin an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta ag ***www.socialinclusion.ie*** agus ar ***www.welfare.ie***

Agus an tuarascáil seo á hullmhú, rinne an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta comhairliúchán leathan leis na Ranna Rialtais bainteacha eile a bhfuil freagracht orthu as an gclár gníomhartha atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta a chur i gcrích. Rinne comhordaitheoirí/teagmhálaithe i ngach aon roinn teagmháil leis an bhfoireann na Rannóige um Chuimsiú Sóisialta agus chuidigh siad le hábhar a bhailiú. Chuir ranna nuashonrú ar fáil ar dhul chun cinn, príomhfhorbairtí agus nithe eile.

## Comhthéacs Eacnamaíoch na Tréimhse 2011 agus 2012

Bhí an tréimhse athbhreithnithe in 2011 agus 2012 i gceist tar éis achair thar a bheith dúshlánach i ngeilleagar na hÉireann, rud a bhí ag streachailt le cúlú eacnamaíoch tromchúiseach, agus é níos casta mar gheall ar na géarchéimeanna baincéireachta agus fioscacha. Chuaigh Éire isteach i gClár Coigeartaithe Eacnamaíoch leanúnach den AE/CAI i rith an ama seo, rud a chuimsigh comhphacáiste tacaíochta airgeadais €85 billiún.

Tháinig laghdú ar an ngeilleagar den tríú bliain as a chéile in 2010, rud a chiallaigh go bhfuil an OTI agus OTN fíreannach tuairim is 12% agus 15% faoi bhun leibhéil 2007 faoi seach. Bhí tuairim is 15% de laghdú tagtha ar fhostaíocht in 2010, agus chiallaigh breis is 320,000 caillteanas poist go raibh ráta meánach dífhostaíochta 14.6% i gceist in 2011 agus 14.7% in 2012, agus ba dhaoine a bhí dífhostaithe go fadtéarmach iad tuairim is leath den iomlán seo. Anuas air sin, tugann na figiúirí is déanaí le fios gur tháinig méadú ar líon na ndaoine fásta i dteaghlaigh gan phost ó 15.1% in 2010, go 15.9% in 2011.

Ba mhór an tionchar a bhí ag an gcor chun donais sa gheilleagar ar an airgeadas poiblí i rith na tréimhse roimh thréimhse an athbhreithnithe, ach bhí feabhsú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch in 2011 agus 2012, agus iad ar na chéad bhlianta iomlána fáis ó thaobh OTI ó 2007, agus méadú 0.7% agus 0.9% faoi seach i gceist.

Ba é an t-easnamh ginearálta rialtais in 2012 ná 7.6 faoin gcéad den OTI nó €12.5 billiún, méid arbh ionann é agus feabhsú mór i gcomparáid le 2011, nuair a taifeadadh easnamh bunúsach 9.1 faoin gcéad den OTI. Léiríonn an feabhsú tionchar an phacáiste choigeartaithe i mBuiséad 2012 agus fás beag eacnamaíoch go príomha. Ba é an ráta boilscithe mar a bhí tomhaiste ag an bpraghasinnéacs tomhaltóirí ná 2.6 in 2011 agus 1.7 faoin gcéad in 2012, i gcomparáid le rátaí boilscithe -1.0 faoin gcéad in 2010 agus -4.5 faoin gcéad in 2009.

# Caibidil 2

# An Sprioc Náisiúnta Shóisialta um Laghdú Bochtaineachta

## Athbhreithniú ar an sprioc náisiúnta bochtaineachta

Luadh i gClár an Rialtais (Márta 2011) go mbeidh sé mar chuspóir ag an Rialtas deireadh a chur le bochtaineacht, agus go bhfuil sé tiomanta na spriocanna sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta a bhaint amach chun laghdú a dhéanamh ar líon na ndaoine atá thíos le bochtaineacht. Chuir an Rialtas tús in Aibreán 2011 le hathbhreithniú cuimsitheach ar an sprioc náisiúnta bochtaineachta, rud a bhí socraithe den chéad uair in 2007 sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta. Ba é cuspóir an athbhreithnithe ná athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo na sprice agus cur ar chumas na Rialtais spriocanna cuí agus indéanta náisiúnta bochtaineachta a leagan síos chun cion oibre na hÉireann do Straitéis na hEorpa in 2020 (féach caibidil 3) a chur i gcrích in éineacht leis an ngealltanas i gClár an Rialtais i bhfianaise an cháis eacnamaíoch atá ann faoi láthair.

Rinne an tAire Coimirce Sóisialaí maoirseacht ar an athbhreithniú, rud a bhí déanta ag an Rannóg um Polasaí ar Leanaí agus Cuimsiú Sóisialta sa Roinn Coimirce Sóisialaí, agus chuir sí na moltaí a bhí mar thoradh ar an athbhreithniú faoi bhráid an Rialtais le bheith formheasta.

Cuireadh tús le próiseas cuimsitheach comhairliúcháin phoiblí agus teagmhála le páirtithe leasmhara i bhfianaise páipéar comhairliúcháin, ar mhaithe le cur leis an athbhreithniú. Chuir Grúpa na nOifigeach Sinsearach ar Pholasaí Sóisialta le, agus cuir siad eolas ar fáil don athbhreithniú, lenar áiríodh na téarmaí tagartha agus na dréacht-mholtaí. Rinneadh comhairliúchán leis na ranna rialtais agus soláthraithe seirbhíse reachtúla bainteacha ar bhonn aonair. Chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí athbhreithniú piaraí den AE i láthair chun breithniú a dhéanamh ar an gcleachtas is fearr i gcás na spriocanna náisiúnta bochtaineachta, rud a raibh 10 mBallstát agus tír i láthair ann, in éineacht leis an gCoimisiún Eorpach agus páirtithe leasmhara Eorpacha. Tionóladh cruinniú ar leith ar an athbhreithniú leis an gCoimisiún Eorpach chomh maith.

Is féidir tuilleadh sonraí faoin gcruinniú faisnéise polasaí ar an athbhreithniú ar an sprioc bochtaineachta agus doiciméid tacaíochta a fháil anseo:
***http://www.socialinclusion.ie/NPT.html***

## An Sprioc Náisiúnta Shóisialta um Laghdú Bochtaineachta

Mar thoradh ar mholtaí an athbhreithnithe, ghlac an Rialtas sprioc nua náisiúnta shóisialta um laghdú bochtaineachta, mar seo a leanas:

- Is é an sprioc athmheasta ná laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht chomhsheasmhach go 4 faoin gcéad faoi 2016 (sprioc eatramhach), agus go 2 faoin gcéad nó níos lú faoi 2020, ón ráta bunlíne 6.2 faoin gcéad ó 2010.

- Is é cion oibre na hÉireann do sprioc bochtaineachta an AE ná íosmhéid 200,000 duine a thabhairt slán ó riosca bochtaineachta nó eisiata faoi 2020 ó bhunlíne 2010.

- Fosprioc náisiúnta a leagan síos chun bochtaineacht i measc leanaí a laghdú, ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar an difreálach sa ráta bochtaineachta comhsheasmhaí idir leanaí agus daoine fásta.

- Fosprioc náisiúnta a leagan síos chun bochtaineacht i dteaghlaigh gan phost a laghdú, ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar an méid den daonra atá thíos le bochtaineacht chomhsheasmhach sna teaghlaigh sin.

Chomh maith leis sin, beidh dhá tháscaire breise i gceist chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na sprice:

- ‘i mbaol bochtaineachta comhsheasmhaí’ (daoine atá thíos le díothacht bhunúsach agus a bhfuil ioncam acu arb ionann é agus idir 60 agus 70 faoin gcéad den airmheán)

- ‘dearbh-bhochtaineacht’ (daoine atá faoi bhun na tairsí airmheáin 60 faoin gcéad maidir le baol bochtaineachta, agus é socraithe ag luachanna 2010).

Neartófar cur i bhfeidhm na sprice:

- trí mheasúnú tionchair ar bhochtaineacht a chuimsiú mar chuid de mheasúnú comhtháite agus neartaithe ar an tionchar sóisialta

- trí thuarascáil bhliantúil mhonatóireachta a chruthú ar dhul chun cinn na sprice, le hionchur ó pháirtithe leasmhara.

## Measúnú ar Thionchar Sóisialta

Ar mhaithe le cur i bhfeidhm na sprice nua náisiúnta sóisialta um laghdú bochtaineachta a neartú, agus comhordú polasaí níos mó a éascú sa réimse sóisialta, chinn an Rialtas ar Mheasúnú comhtháite ar Thionchar Sóisialta (MTS) a fhorbairt.

Déanann sé seo soláthar le haghaidh cur chuige atá bunaithe ar fhianaise maidir le ceapadh polasaí a fhéachann le léiriú roimh ré cén tionchar sóisialta a bheidh ag polasaithe an Rialtais. Déanann sé forbairt ar thaithí an mheasúnaithe ar thionchar bochtaineachta (MTB), próiseas a dhéanann measúnú ar thionchar dóchúil polasaithe agus clár ar bhochtaineacht agus éagothroime ar dócha go mbeidís mar chúis le bochtaineacht. Síneann MTS fócas an MTB go réimsí eile éagothroime sóisialta, amhail inscne, míchumas, aois agus stádas eitneach.

Cleachtar measúnú ar thionchar sóisialta go forleathan san AE, go háirithe sa Choimisiún Eorpach, mar uirlis chun cuimsiú sóisialta a phríomhshruthú sa pholasaí poiblí.
Tá sé i gceist measúnú ar thionchar sóisialta a dhéanamh ar réimse ceisteanna polasaí, i gcomhar le ranna rialtais agus páirtithe leasmhara eile.

## Monatóir ar Chuimsiú Sóisialta

Forbraíodh an Monatóir ar Chuimsiú Sóisialta ar mhaithe le cur i bhfeidhm na sprice náisiúnta sóisialta a neartú, trí mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo na sprice náisiúnta bochtaineachta agus a spriocanna agus táscairí gaolmhara.

Foilsíodh an chéad Mhonatóir ar Chuimsiú Sóisialta maidir le 2011 i Márta 2013. Cuireann sé dul chun cinn agus treochtaí ar fáil ar na ceithre sprioc náisiúnta, cúig tháscaire tacaíochta agus táscairí chomhthéacsúla eile. Tá na sonraí bunaithe go príomha ar an Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála 2011, rud a bhí déanta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Is féidir teacht ar chóip den Mhonatóir ar Chuimsiú Sóisialta ag an nasc seo a leanas:
***http://www.welfare.ie/en/Pages/Social-Inclusion-Monitor.aspx***

# Caibidil 3

# Sprioc bochtaineachta den Eoraip in 2020

## Straitéis na hEorpa in 2020

Ghlac an Chomhairle Eorpach i Meitheamh 2010 leis *An Eoraip in 2020: Straitéis le haghaidh fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach* a leagann amach fís de gheilleagar margaidh sóisialta na hEorpa san 21ú haois. Treisíonn an Straitéis idirghníomhaíocht idir na polasaithe eacnamaíocha, fostaíochta agus sóisialta, rud a mheastar a bheith riachtanach chun fás inbhuanaithe, cruthú post agus comhtháthú sóisialta agus dúichíoch a chothú.

Mar chuid den Straitéis seo, chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach cúig phríomhsprioc maidir le fostaíocht; taighde agus forbairt; athrú aeráide; oideachas; agus bochtaineacht. Meastar na spriocanna a bheith idirghaolmhar agus go dtreisíonn siad a chéile. Is é an sprioc bochtaineachta ná 20 milliún duine a shaoradh ó riosca bochtaineachta nó eisiata shóisialta faoi 2020. Mar chuid dá gcion oibre do sprioc bochtaineachta na hEorpa in 2020, is gá do na Ballstáit spriocanna náisiúnta bochtaineachta a leagan amach i *gClár Náisiúnta Athchóirithe (CNA)*, rud atá bunaithe ar tháscairí cuí náisiúnta, ina gcuirtear dálaí agus tosaíochtaí náisiúnta san áireamh.

## Clár Náisiúnta Athchóirithe na hÉireann faoi straitéis na hEorpa in 2020

Leagann an Clár Náisiúnta Athchóirithe amach cion oibre na hÉireann do sprioc bochtaineachta na hEorpa in 2020, is í sin, íosmhéid 200,000 duine a shaoradh ó riosca bochtaineachta nó eisiata faoi 2020 (meascán de bhaol bochtaineachta, díothacht bhunúsach agus bochtaineacht chomhsheasmhach), agus bonnlíne 2010 á húsáid.

Díríonn an CNA aird ar an ngá atá le cur chuige comhleanúnach agus ildisciplíneach maidir le polasaí, lena n-áirítear réimse leathan gníomhaithe chun an sprioc bochtaineachta a bhaint amach. Tá coincheap cuimsithe ghníomhaigh an AE mar bhonn agus taca ag an gcur chuige seo agus é bunaithe ar ioncam imleor, margaí cuimsitheacha saothair agus teacht ar sheirbhísí ar ardchaighdeán. Tá an sprioc bochtaineachta nasctha mar sin leis na spriocanna fostaíochta agus oideachais.

Tugann an PNA le fios gurb iad tosaíochtaí an Rialtais maidir le bochtaineacht ná na daoine is leochailí a chosaint ón tionchar is measa atá ag an ngéarchéim, athchóiriú a dhéanamh ar thacaí ioncaim do leanaí agus daoine in aois oibre, agus an polasaí gníomhachtaithe a neartú le tacú le daoine filleadh ar obair. Ar na bearta tacaíochta atá ann, tá cláir spriocdhírithe um chuimsiú sóisialta, athchóiriú leasa shóisialaigh agus tionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh sa bhaile. Braitheann baint amach na mbeart seo ar leibhéal na n-acmhainní poiblí a chuirtear ar fáil.

Cuireadh leis an PNA le comhairliúchán cuimsitheach le páirtithe leasmhara, comhpháirtithe sóisialta san áireamh, Coiste an Oireachtais um Ghnóthaí Eorpacha agus comhlachtaí réigiúnacha. Aithníodh an gá atá le teagmháil leanúnach le páirtithe leasmhara i gcur i bhfeidhm agus forbairt bhreise an PNA. Tá nuashonrú PNA na hÉireann le haghaidh 2011 agus 2012 ar fáil ag: ***http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Work_Of_The_Department/Economic_International_Northern_Ireland/Economic/NRP/***

# Caibidil 4

# Leanaí

## Spriocanna Ardleibhéil

### Sprioc 1: Oideachas

Cinntiú go gcuirtear oideachas réamhscoile atá spriocdhírithe ar fáil do leanaí ó phobail bunscoileanna uirbeacha atá cumhdaithe faoin bplean gníomhaíochta um Chomhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (CDSS/DEIS).

### Sprioc 2: Oideachas

Laghdú a dhéanamh ar chomhréir na ndaltaí a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha litearthachta acu i mbunscoileanna a fhreastalaíonn ar phobail faoi mhíbhuntáiste. Is é an sprioc ná laghdú faoi leath a dhéanamh ar an gcomhréir ón 27-30% atá ann faoi láthair go líon níos lú ná 15% faoi 2016.

### Sprioc 3: Oideachas

Obair le cinntiú gurb é an chomhréir den daonra ó 20-24 bliain d'aois a chríochnaíonn a n-oideachas uachtarach dara leibhéal nó oideachas comhchosúil ná breis is 90% faoi 2013.

### Sprioc 4: Tacaíocht Ioncaim

Comhluach bearta tacaíochta ioncaim do leanaí a choinneáil ag 33%-35% den ráta íocaíochta íosta leasa shóisialaigh do dhuine fásta i rith an phlean seo agus athbhreithniú a dhéanamh ar thacaí ioncam do leanaí atá dírithe ar chabhrú le leanaí i dteaghlaigh ar bheagán ioncaim.

## Dul Chun Cinn Spriocanna Ardleibhéil

Baineann ceithre cinn den dá sprioc ardleibhéil déag sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta le leanaí. Léiríonn sé seo an fhís do leanaí mar atá leagtha amach in *I dTreo 2016*, agus aithníonn sé gur mó an baol bochtaineachta do leanaí (go háirithe i dteaghlaigh gan phost) ná do dhaoine fásta. Leagann na spriocanna ardleibhéil seo béim ar oideachas agus tacaíocht ioncaim mar réimsí tosaíochta.

## Sprioc 1: Oideachas réamhscolaíochta

*Cinntiú go gcuirtear oideachas réamhscoile atá spriocdhírithe ar fáil do leanaí ó phobail bunscoileanna uirbeacha atá cumhdaithe faoin bplean gníomhaíochta um Chomhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (CDSS/DEIS).*

- Mar a tuairiscíodh sa tuarascáil roimhe seo ar Chuimsiú Sóisialta, bhí an sprioc ardleibhéil seo cealaithe ag tabhairt isteach bliain réamhscolaíochta saor in aisce faoin Scéim Cúram agus Oideachas Luath-Óige (COLO) le haghaidh na leanaí go léir in Eanáir 2010, rud arb ionann é agus athrú mór polasaí ó idirghabháil spriocdhírithe sna Luathbhlianta go soláthar uilíoch.Tá an scéim á maoiniú agus á riar tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.
- Tá dhá chreat cleachtais maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (Síolta agus Aistear) le tacú le forbairt soláthair ar ardchaighdeán i seirbhísí naíonra.Tá Clár Dearbhaithe Cáilíochta Síolta á chur i bhfeidhm ar bhonn triail allamuigh ag Eagraíochtaí Deonacha Cúram Leanaí (EDCLanna) atá ag obair i gcomhar leis an Aonad um Polasaí Oideachais Luath-Óige.
- Roghnaíodh 25 Comhordaitheoir de chuid Síolta agus iad ó na EDCLanna, agus oileadh iad chun tacaíocht speisialtóra a chur ar fáil do shuíomhanna rannpháirteacha CLOL. Leanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna d'obair a dhéanamh le ranna agus gníomhaireachtaí eile chun luach a chur leis na scéimeanna cúram leanaí atá ann cheana.

## Sprioc 2: Dul i ngleic le deacrachtaí litearthachta i scoileanna faoi mhíbhuntáiste

*Laghdú a dhéanamh ar chomhréir na ndaltaí a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha litearthachta acu i mbunscoileanna a fhreastalaíonn ar phobail faoi mhíbhuntáiste. Is é an sprioc ná laghdú faoi leath a dhéanamh ar an gcomhréir ón 27-30% atá ann faoi láthair go líon níos lú ná 15% faoi 2016.*

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna trí thuarascáil mheasúnachta in 2012 ar Chomhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (CDSS). Bhí ceann amháin acu déanta ag an Ionad Taighde Oideachais (ITO) agus dhá cheann eile déanta ag rannóg chigireachta na Roinne, agus iad ag tabhairt le fios go bhfuil ag éirí leis an gclár cur le feabhsú torthaí oideachais do leanaí i scoileanna CDSS ar bhealach intomhaiste.

## Tuarascáil an Fhorais Taighde ar Oideachas

Tá an tuarascáil seo ar an dara ceann de shraith an ITO, ina ndéantar measúnú ar CDSS i mbunscoileanna uirbeacha, agus é dírithe ar Bhéarla, léamh agus matamaitic, ábhair a ndearnadh tástáil orthu in 2007 agus 2010.

Léiríonn torthaí tosaigh an mheasúnaithe:

- Nuair a rinneadh comparáid idir an scór foriomlán meánach léimh in 2007 agus an scór in 2010, léirigh scoileanna uirbeacha feabhsú foriomlán i ngnóthachtáil mheánach léimh agus mhatamaitice.
- Tá suntas staidrimh leis na feabhsuithe ar gach uile grád i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic.

- Tá na feabhsuithe is mó tugtha faoi deara ag leibhéil na ngrád is ísle, agus an ghnóthachtáil is mó déanta i measc daltaí an dara rang.

- Tá dul chun cinn níos suntasaí tugtha faoi deara i measc daltaí a bhfuil leibhéil ísle ghnóthachtála ag baint leo.

- Tá an t-athrú dearfach gnóthachtála is mó le tabhairt faoi deara i measc na ngrád sóisearach.

### Measúnú ar phleanáil i scoileanna CDSS

Tugann torthaí mheasúnuithe na Rannóige Cigireachta ar éifeachtacht na pleanála agus an tsocraithe spriocanna in 18 mbunscoil agus meánscoil CDSS le fios:

- Go bhfuil gá le próiseas pleanála córasach a chuimsíonn socrú spriocanna, cur i bhfeidhm straitéisí agus idirghabhála cuí chun na spriocanna atá socraithe a bhaint amach, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna i scoileanna CDSS.

- Molann na tuarascálacha go gcuirfí creat pleanála CDSS ar fáil do gach scoil le cabhrú leo i bpleanáil fhorbairt a scoile agus i bpróisis féinmheasúnaithe a scoile.

- Críochnófar measúnuithe breise ar an gclár CDSS i rith 2012/2013, agus déanfar breithniú ar thorthaí na dtuarascálacha sin agus ar thuarascálacha measúnachta eile breise ar bith i gcomhthéacs todhchaí CDSS.

### Dul chun cinn i dtionscadail éagsúla CDSS.

Seo a leanas líon na scoileanna CDSS a bhí ag cur na gclár éagsúil litearthachta agus uimhearthachta i bhfeidhm ag deireadh 2011/12:-

- **Bunscoileanna**
  - Gnóthú Léimh: 238
  - Na Chéad Chéimeanna: 334
  - Gnóthú Matamaitice: 327
  - Ready Set Go Maths: 261
- **Meánscoileanna**
  - Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh: 186
  - Tionscadal na Leabharlainne Léirithe: 30

## Sprioc 3: Oideachas uachtarach dara leibhéal a chríochnú

*Obair le cinntiú gurb é an chomhréir den daonra ó 20-24 bliain d'aois a chríochnaíonn a n-oideachas uachtarach dara leibhéal nó oideachas comhchosúil ná breis is 90% faoi 2013.*

- Tá cur chuige leathan ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le dul i ngleic le luathfhágáil scolaíochta. Is príomhghnéithe iad feabhsú tinrimh, dul chun cinn, coinneáil agus gnóthachtáil de CDSS, an plean gníomhaíochta um chuimsiú oideachais. Ar na bearta idirghabhála spriocdhírithe atá ann, tá an Clár Críochnaithe Scolaíochta (CCS), Seirbhísí Teagmhála Pobail idir an Baile agus an Scoil (TPBS), maoiniú breise le haghaidh daltaí atá i mbaol éirí as a scolaíocht go luath agus roghanna malartacha curaclaim.

- Cuireadh beagnach €692m ar fáil in 2012 do réimse leathan beart le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais, ó réamhscolaíocht go dtí an tríú leibhéal, amhail idirghabháil réamhscolaíochta, tacaí le dul i ngleic le fadhbanna litearthachta leanaí, cóimheasa laghdaithe daltaí/múinteoirí, deontais mhéadaithe chaipitíochta, bearta le dul i ngleic le luathfhágáil scolaíochta agus chun ceangail a neartú idir an scoil, an teaghlach agus an pobal. Chomh maith leis sin, déantar idirghabháil le tacú le daoine óga agus chun "oideachas dara seans" a chur ar fáil do dhaoine óga agus do dhaoine fásta.Tá dul chun cinn déanta in Éirinn chun an sprioc laghdú a dhéanamh ar chéatadán lucht luathfhágála scoile a bhaint amach, líon a laghdaigh ó 11.6% in 2009 go 10.6% in 2011 (Sonraí Eurostat).

- Tá roinnt beart déanta le tacú le baint amach na sprice seo, amhail:
    - Cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta, “Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh” (CDSS/DEIS). Amhail ar 1 Meán Fómhair 2012, seo a leanas líon na scoileanna atá páirteach in DEIS:
        - Bunscoileanna Banda Uirbeach 1: 197
        - Bunscoileanna Banda Uirbeach 2: 144
        - Bunscoileanna Tuaithe: 324
        - Meánscoileanna: 195
        - Tá tuairim is 21% de na Bunscoileanna go léir agus 27% de na Meánscoileanna go léir san áireamh sa chlár CDSS.
    - Comhtháthú seirbhísí leasa oideachais trí aistriú feidhmeanna áirithe, faoin Acht Oideachais (Leas), 2000, ón Aire Oideachais agus Scileanna go dtí an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige i mBealtaine 2011. Príomhchuspóir agus gealltanas atá i gClár an Rialtais ná eispéireas oideachais leanaí, daoine óga

agus daltaí a chosaint agus a fheabhsú. Is príomhghné de bhaint amach an chuspóra seo í forbairt seirbhíse comhtháite nua, Leanbh Amháin Foireann Amháin Plean Amháin, lena n-áireofaí an CCS, TPBS agus an tSeirbhís Leasa Oideachais. Tairgeann an tsamhail nua soláthair seirbhíse atá á forbairt agus á cur i bhfeidhm ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais, rud atá faoi fhreagracht na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige anois, tairgeann sí scóip bhreise chun feabhsú a dhéanamh ar thacaí atá ar fáil do scoileanna agus teaghlaigh, go háirithe scoileanna CDSS, le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais agus chun torthaí oideachais a fheabhsú do leanaí agus daoine óga trí thinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil fheabhsaithe sna scoileanna.

- Straitéis Náisiúnta chun litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú i measc leanaí agus daoine óga. Is mó an seans go n-éireoidh leanaí nach bhfoghlaimíonn léamh, scríobh agus cumarsáid go héifeachtach as a scolaíocht go luath, agus tacóidh an straitéis le baint amach na sprice náisiúnta um éirí as scolaíocht go luath mar sin.

- Léiríonn an tuarascáil is déanaí de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna ar Rátaí Coinneála i Meánscoileanna na rátaí coinneála daltaí a chuaigh isteach sa timthriall sóisearach sna blianta ó 2005 go 2006, agus a chríochnaigh a scolaíocht dara leibhéal ar dháta nach déanaí ná 2012.

  Léiríonn an tuarascáil:

  - go bhfuil méadú de bhreis is 6% tagtha ar chéatadán na ndaltaí a dhéanann scrúduithe na hArdteistiméireachta ar an iomlán go 90.2% le hocht mbliana anuas.

  - tháinig beagnach 7 bpointe céatadáin de mhéadú ar an ráta meánach coinneála Ardteistiméireachta gan choigeartú i scoileanna CDSS, ó 73.2% go 80.1% i measc na ndaltaí a thosaigh ar meánscoil in 2004 go 2006, agus mhéadaigh an ráta coinneála (gan choigeartú) i scoileanna nach mbaineann le CDSS ó 87.4% go 92.7% le haghaidh na gcohórt iontrála céanna.

## Sprioc 4: Tacaíocht Ioncaim do Leanaí agus Teaghlaigh

*Comhluach bearta tacaíochta ioncaim do leanaí a choinneáil ag 33%-35% den ráta íocaíochta íosta leasa shóisialaigh do dhuine fásta i rith an phlean seo agus athbhreithniú a dhéanamh ar thacaí ioncam do leanaí atá dírithe ar chabhrú le leanaí i dteaghlaigh ar bheagán ioncaim.*

- Thuairiscigh an Roinn Coimirce Sóisialaí gur baineadh amach sprioc tacaíochta ioncaim an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta do leanaí in 2011 agus 2012. Coinníodh comhluach na mbeart tacaíochta ioncaim do leanaí ag 33% go

35% den ráta íosta íocaíochta Leasa Shóisialaigh do dhaoine fásta. Mar thoradh ar an ngá atá le caiteachas an Rialtais a laghdú agus géarchéim fhioscach ann, laghdaíodh na rátaí sochar linbh i mBuiséad 2011. choinnigh Buiséad 2012 an ráta sochar linbh le haghaidh an chéad agus an dara leanbh; laghdaigh sé na rátaí le haghaidh an tríú leanbh agus leanaí ina dhiaidh, agus chuir sé deireadh le deontais do leanaí ilbhreithe. Léiríonn na bearta seo athchóiriú struchtúrtha atá beartaithe san Athbhreithniú um Luach ar Airgead ar pholasaithe agus cláir Thacaíochta Ioncaim do Leanaí (TIL) chomh maith, rudaí a chuimsigh moltaí chun caighdeánú a dhéanamh ar rátaí an tsochair linbh.

- Bunaíodh an Grúpa Comhairleach ar Cháin agus Leas Sóisialach i Meitheamh 2011 le díriú ar roinnt ceisteanna ar leith agus moltaí cost-éifeachtúla a dhéanamh chun dreasachtaí fostaíochta a fheabhsú, agus torthaí bochtaineachta níos fearr a bhaint amach, go háirithe torthaí bochtaineachta i measc leanaí. Rinne an grúpa tosaíocht de réimse na dtacaí ioncaim do theaghlaigh agus leanaí agus chuir sé a thuarascáil ar an gceist seo i láthair in 2012.


  Bhí an grúpa d'aon ghuth sa tuarascáil seo agus iad ag tabhairt le fios gur chóir don Stát roinnt tacaíochta ioncaim a chur ar fáil do gach leanbh agus tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do theaghlaigh gan ioncam nó atá ar bheagán ioncaim. Bhí an grúpa go mór ar son cur chuige íocaíochta TIL[2] dhá chiseal a mbeidh an acmhainneacht a chuireann sé ar fáil chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an gcóras foriomlán tacaíochta ioncaim do leanaí, fad is a laghdaítear dídhreasachtaí oibre, beidh an acmhainneacht seo mar bhonn agus taca aige.

- Thuairiscigh an Roinn Coimirce Sóisialaí gur coinníodh na rátaí íocaíochta Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua (LÉCSN) le haghaidh 2011 ag leibhéil 2009/10 .i. €200 le haghaidh leanaí idir 2 agus 11 bhliain d'aois, agus €305 le haghaidh leanaí atá 12 bhliain d'aois agus os a chionn. I gcás scéim 2012, rinneadh íocaíocht €150 le haghaidh leanaí idir 4 agus 11 bhliain d'aois agus €250 le haghaidh leanaí idir 12 agus 22 bliain d'aois. In 2011 agus 2012, ba í an Roinn Coimirce Sóisialaí a riar an scéim go lárnach sa chaoi go raibh formhór na dteidlíochtaí LÉCSN go hiomlán uathoibrithe, gan ghá le foirm iarratais ó chustaiméirí. Bhí an scéim á riar go réigiúnach trí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte roimh 2011.

## Dul chun cinn maidir le gníomhartha ar leith sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta

Chomh maith leis sin, tá 49 gníomh le haghaidh leanaí sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta, agus iad ag cuimsiú forbairt agus cúram luathóige, cothú, easpa dídine, ceartas i leith an aosa óig agus rannpháirtíocht leanaí sa chinnteoireacht. As na gníomhartha seo, tá 26 acu ar siúl go leanúnach, ceann amháin críochnaithe, athsholáthartha agus tuairiscithe sa Tábla Gníomhartha, tá 14 cinn críochnaithe agus tá 8 gcinn imithe in éag anois. Féach Léaráid 1 thíos chun tuilleadh sonraí a fháil faoi ranna atá páirteach sa Timthriall Leanaí.

## Léaráid 1: Leanaí – Stádas Gníomhartha na Roinne in 2012




Tá an líon gníomhartha is airde (21) ar siúl ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige sa timthriall seo, agus tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ina diaidh agus 12 ghníomh ar siúl acu.

Tá tuilleadh sonraí faoi dhul chun cinn maidir le gníomhartha ar leith sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta ar fáil sa ***Tábla Gníomhartha*** a bhaineann leis an tuarascáil seo ag na naisc seo a leanas:

***www.socialinclusion.ie*** agus ***www.welfare.ie***

[2]Athbhreithniú Polasaí agus Luacha ar Airgead ar Thacaíocht Ioncaim do Leanaí agus Cláir Ghaolmhara Caiteachais, An Roinn Coimirce Sóisialaí, (Baile Átha Cliath, Samhain 2010)

# Caibidil 5

# Daoine in Aois Oibre

## Spriocanna Ardleibhéil

### Sprioc 5: Fostaíocht agus Rannpháirtíocht

Cur chuige gníomhach bainistíochta cásanna a thabhairt isteach a thacóidh leo siúd atá ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh go fadtéarmach dul i mbun oideachais, oiliúna agus fostaíochta. Is é an sprioc ná tacú le 50,000 dá leithéid de dhaoine, tuismitheoirí aonair agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach san áireamh, agus é mar aidhm fhoriomlán laghdú 20% a dhéanamh ar líon na ndaoine a fhaigheann a n-ioncam iomlán ó íocaíochtaí fadtéarmacha leasa shóisialaigh faoi 2016. Déanfar athbhreithniú ar an sprioc seo i bhfianaise na taithí.

### Sprioc 6: Tacaíocht Ioncaim

Luach coibhneasta an ráta leasa shóisialaigh is ísle a choinneáil ag €185.80 ar a laghad, i dtéarmaí 2007, i rith chúrsa an Phlean seo, agus é faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil.

## Dul Chun Cinn Spriocanna Ardleibhéil

Baineann dhá cheann den dá sprioc ardleibhéil déag sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta le daoine in aois oibre. Leagann siad seo béim ar fhostaíocht, rannpháirtíocht agus tacaíocht ioncaim mar cheisteanna tosaíochta.

### Sprioc 5: Cur chuige gníomhach bainistíochta cásanna a thabhairt isteach le tacú le fostaíocht agus rannpháirtíocht

*Cur chuige gníomhach bainistíochta cásanna a thabhairt isteach a thacóidh leo siúd atá ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh go fadtéarmach dul i mbun oideachais, oiliúna agus fostaíochta. Is é an sprioc ná tacú le 50,000 dá leithéid de dhaoine, tuismitheoirí aonair agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach san áireamh, agus é mar aidhm fhoriomlán laghdú 20% a dhéanamh ar líon na ndaoine a fhaigheann a n-ioncam iomlán ó íocaíochtaí fadtéarmacha leasa shóisialaigh faoi 2016. Déanfar athbhreithniú ar an sprioc seo i bhfianaise na taithí.*

Seirbhís nua de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí é Intreo, rud a seoladh go foirmiúil in Ionad Intreo, Sligeach, ar 15 Deireadh Fómhair 2012. Cuireann an tionscnamh seo pointe teagmhála amháin ar fáil le haghaidh gach taca fostaíochta agus ioncaim. Agus é ceaptha le cur chuige níos sruthlínithe a chur ar fáil, tairgeann Intreo seirbhísí agus tacaí praiticiúla sainoiriúnaithe fostaíochta do chuardaitheoirí poist agus fostóirí araon. Cuirfear an tseirbhís nua seo ar fáil in áiteanna breise i rith 2012 agus 2013.

Maidir le clár Intreo agus cur chuige bainistíochta cásanna, thuairiscigh an Roinn Coimirce Sóisialaí go bhfuil próifíliú na gcustaiméirí nua dífhostaithe go léir ag a hoifigí i bhfeidhm. Beidh Roghnú de réir Dóchúlacht Éalaithe (DÉ/PEX) le haghaidh teagmháil amach anseo leis an Roinn sa réimse gníomhachtaithe, beidh sé seo i bhfeidhm i ngach ceann de na hoifigí seo faoi lár 2013.

## Sprioc 6: Luach coibhneasta an ráta leasa shóisialaigh is ísle a choinneáil

*Luach coibhneasta an ráta leasa shóisialaigh is ísle a choinneáil ag €185.80 ar a laghad, i dtéarmaí 2007, i rith chúrsa an Phlean seo, agus é faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil.*


*Thuairiscigh an Roinn Coimirce Sóisialaí:*

- Rinneadh laghdú €8.00 in aghaidh na seachtaine i mBuiséad 2011 ar an ráta uasta pearsanta de gach íocaíocht aois oibre. Ba é an ráta ab ísle d'íocaíocht leasa shóisialaigh tar éis Bhuiséad 2011 ná €188 in aghaidh na seachtaine.
- Ní raibh aon athrú ar rátaí na bpríomhíocaíochtaí seachtainiúla leasa shóisialaigh i mBuiséad 2012, ná méaduithe do dhaoine fásta cáilithe agus leanaí cáilithe.

## Dul chun cinn maidir le gníomhartha ar leith sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta

Chomh maith leis sin, tá 29 sprioc/gníomh breise sa Phlean, agus iad ag cuimsiú ceisteanna amhail litearthacht, oideachas dara leibhéal agus comhionannas. As na gníomhartha seo, tá 20 acu ar siúl go leanúnach, ceann amháin críochnaithe, athsholáthartha agus tuairiscithe sa Tábla Gníomhartha, tá 6 cinn críochnaithe agus tá 2 cheann imithe in éag anois. Féach Léaráid 2 thíos chun tuilleadh sonraí a fháil faoi ranna atá páirteach sa Timthriall Aois Oibre.

## Léaráid 2: Aois Oibre – Stádas Gníomhartha na Roinne in 2012



Tá an líon gníomhartha is airde (11) ar siúl ag an Roinn Coimirce Sóisialaí sa timthriall seo, agus tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ina diaidh agus 10 ngníomh ar siúl acu. Tá tuilleadh sonraí faoi dhul chun cinn maidir le gníomhartha ar leith sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta ar fáil sa ***Tábla Gníomhartha*** a bhaineann leis an tuarascáil seo ag na naisc seo a leanas:
***www.socialinclusion.ie*** agus ***www.welfare.ie***

# Caibidil 6

# Daoine scothaosta

## Spriocanna Ardleibhéil

### Sprioc 7: Cúram Pobail

Leanúint d'infheistíocht a mhéadú do sheirbhísí cúram pobail do sheanóirí, pacáistí cúram baile agus seirbhísí feabhsaithe cúram lae san áireamh, le tacú leo maireachtáil go neamhspleách sa phobal chomh fada agus is féidir.

### Sprioc 8: Tacaíocht Ioncaim

Ráta íosta íocaíochta €200 in aghaidh na seachtaine a choinneáil, i dtéarmaí 2007, maidir le gach pinsean leasa shóisialaigh i rith chúrsa an Phlean seo, agus más féidir, aird a thabhairt ar na hacmhainní atá ar fáil agus ar ghealltanas an Rialtais in 'I dTreo 2016', chun an soláthar seo a fheabhsú. Déanfar athbhreithniú ar na struchtúir agus córas foriomlán pinsean chun tacaí ioncaim a chur ar fáil do phinsinéirí i bhfianaise an Pháipéir Uaine ar Phinsin atá le teacht, rud a gcuirfear bailchríoch air ag deireadh mhí an Mhárta, 2007.Déanfaidh sé seo athbhreithniú ar cholúin uile an tsoláthair pinsean.

## Dul Chun Cinn Spriocanna Ardleibhéil

Baineann dhá cheann den dá sprioc ardleibhéil déag sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta le seanóirí.  Leagann siad seo béim ar thacaíocht ioncaim agus cúram pobail mar cheisteanna tosaíochta do sheanóirí.

## Sprioc 7: Infheistíocht i seirbhísí cúram pobail do sheanóirí

*Leanúint d'infheistíocht a mhéadú do sheirbhísí cúram pobail do sheanóirí, pacáistí cúram baile agus seirbhísí feabhsaithe cúram lae san áireamh, le tacú leo maireachtáil go neamhspleách sa phobal chomh fada agus is féidir.*

Tá an Rialtas tiomanta do chaighdeáin náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh na seirbhísí tacaíochta baile. Bhí an cur chuige seo léirithe i bPlean Seirbhíse FSS, 2012, agus chuimsigh sé seo Creat nua Soláthair Phoiblí le haghaidh seirbhísí cúram baile, treoirlínte nua Náisiúnta Cáilíochta le haghaidh Seirbhísí Tacaíochta Cúram Baile agus na Treoirlínte nua Náisiúnta ar Chúnamh Baile. Ceapadh na bearta seo le réimsí bainteacha de sholáthar cúram baile FSS a fheabhsú go náisiúnta. Is é Cúram Baile an phríomhsheirbhís thraidisiúnta tacaíochta.

Seo a leanas príomhshonraí le haghaidh 2011 - 2012:

| Gníomhaíocht/Maoiniú | 2011 | 2012 |
|---|---|---|
| Líon na n-uaireanta cúram baile a cuireadh ar fáil | 11.01m | 10.30m |
| Líon na gcliant a bhain leas as faoi dheireadh Nollag | 51,000 | 50,000 |
| Maoiniú Iomlán €m | 211 | 205 |

Soláthraíonn Pacáistí Cúram Baile (PCB) tacaí feabhsaithe de bhreis ar na tacaí príomhshrutha:

| Gníomhaíocht/Maoiniú | 2011 | 2012 |
|---|---|---|
| Líon na gcliant a bhí ag fáil PCB faoi dheireadh Nollag | 11,970 | 10,870 |
| Líon na gcliant a bhain tairbhe as i rith na bliana féilire | 15,270 | 15,780 |
| Maoiniú Iomlán €m | 138 | 138 |

### Sprioc 8: Tacaíocht Ioncaim

*Ráta íosta íocaíochta €200 in aghaidh na seachtaine a choinneáil, i dtéarmaí 2007, maidir le gach pinsean leasa shóisialaigh i rith chúrsa an Phlean seo, agus más féidir, aird a thabhairt ar na hacmhainní atá ar fáil agus ar ghealltanas an Rialtais in 'I dTreo 2016', chun an soláthar seo a fheabhsú. Déanfar athbhreithniú ar na struchtúir agus córas foriomlán pinsean chun tacaí ioncaim a chur ar fáil do phinsinéirí i bhfianaise an Pháipéir Uaine ar Phinsin atá le teacht, rud a gcuirfear bailchríoch air ag deireadh mhí an Mhárta, 2007.Déanfaidh sé seo athbhreithniú ar cholúin uile an tsoláthair pinsean.*

### Thuairiscigh an Roinn Coimirce Sóisialaí:

Coinníodh an Pinsean Stáit ag uasmhéid €230.30 in aghaidh na seachtaine i gcás íocaíochtaí ranníocacha agus €219 in aghaidh na seachtaine i gcás íocaíochtaí neamhranníocacha i mBuiséid 2012 agus 2013. Leibhéil bhoilscithe an phraghsinnéacs tomhaltóirí (PIT) ó 2007 a chur san áireamh, rud a chiallóidh go mbainfear amach an sprioc an ráta íocaíochta €200 in aghaidh na seachtaine a choinneáil agus go sárófar an sprioc sin chomh maith.


Tugann na figiúirí is déanaí (Lúnasa 2012) le fios go bhfuil an ráta 'baol bochtaineachta' ina measc siúd atá os cionn 65 bliain d'aois tar éis titim ó 27.1% in 2004 go 9.6% in 2010. Tá an ráta bochtaineachta comhsheasmhaí ina measc siúd atá os cionn 65 bliain d'aois tar éis laghdú ó 3.9% go 0.9% sa tréimhse chéanna. Is iad pinsin leasa shóisialaigh an phríomhfhoinse ioncaim ag pinsinéirí na hÉireann, agus is ionann iad agus 63.4% dá n-ioncam meánach seachtainiúil (suas ó 56.8% in 2004).
**Gníomh Pinsin a Críochnaíodh**: An Páipéar Uaine ar Phinsin in 2007 agus an Creat Náisiúnta Pinsean in 2010.

**Gníomh Pinsean á Bhreithniú:** Mar thoradh ar an gCreat Náisiúnta Pinsean, tá breithniú á dhéanamh faoi láthair ar struchtúir a ligfeadh dóibh siúd ar mian leo leanúint ar aghaidh ag obair íocaíocht an phinsin Stáit a chur siar agus a chiallódh go bhfaighidís sochar atá méadaithe go hachtúireach nuair a rachaidh siad ar scor ar deireadh. Chomh maith leis sin, chuirfí socruithe i bhfeidhm ionas go mbeadh daoine a bhfuil easnaimh ranníocaíochta orthu ag a n-aois scoir in ann sochair bhreise a fháil, dá leanfaidís de ranníocaíochtaí íoctha a dhéanamh chun críocha pinsin, le linn dóibh fanacht ag obair nó ag obair go féinfhostaithe.

## Dul chun cinn maidir le gníomhartha ar leith sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta

Chomh maith leis sin, tá 18 sprioc/gníomh sa Phlean, agus iad ag cuimsiú ceisteanna amhail tithíocht, cúram fadtéarmach agus rannpháirtíocht. As na gníomhartha seo, tá 11 acu ar siúl go leanúnach, dhá cheann críochnaithe agus athsholáthartha, ceann amháin atá imithe in éag agus athsholáthartha agus tuairiscítear orthu seo sa ***Tábla Gníomhartha***. Anuas air sin, tá 7 gcinn críochnaithe. Féach Léaráid 3 thíos chun tuilleadh sonraí a fháil faoi ranna atá páirteach sa Timthriall Seanóirí.

### Léaráid 3: Seanóirí – Stádas Gníomhartha na Roinne in 2012




Tá an méid céanna gníomhartha ag an Roinn Sláinte agus ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil sa timthriall seo, agus aon trian an ceann acu (6).

Tá tuilleadh sonraí faoi dhul chun cinn maidir le gníomhartha ar leith sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta ar fáil sa ***Tábla Gníomhartha*** a bhaineann leis an tuarascáil seo ag na naisc seo a leanas:
***www.socialinclusion.ie*** agus ***www.welfare.ie***

# Caibidil 7

# Daoine faoi Mhíchumas

## Sprioc Ardleibhéil

> Sprioc 9: Fostaíocht agus Rannpháirtíocht
>
> Méadú a dhéanamh ar fhostaíocht na ndaoine faoi mhíchumas nach mbíonn deacracht acu post a choinneáil. Is é an cuspóir láithreach ná go mbeadh 7,000 breise den dream sin fostaithe faoi 2010. Is é an sprioc níos fadtéarmaí ná an ráta fostaíochta i measc daoine atá faoi mhíchumas a mhéadú ó 37% go 45% faoi 2016, mar atá tomhaiste sa tSuirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh. Méadófar an ráta rannpháirtíochta foriomláine in oideachas, oiliúint agus fostaíocht go 50% faoi 2016. Déanfar athbhreithniú ar na spriocanna seo i bhfianaise na taithí, agus nuair a bheidh sonraí níos fearr ar fáil.

## Dul Chun Cinn Spriocanna Ardleibhéil

Leagann an sprioc ardleibhéil sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta, i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais, leagann sí béim ar rannpháirtíocht in oideachas, oiliúint agus fostaíocht.

### Sprioc 9: Méadú ar fhostaíocht na ndaoine faoi mhíchumas

*Méadú a dhéanamh ar fhostaíocht na ndaoine faoi mhíchumas nach mbíonn deacracht acu post a choinneáil. Is é an cuspóir láithreach ná go mbeadh 7,000 breise den dream sin fostaithe faoi 2010. Is é an sprioc níos fadtéarmaí ná an ráta fostaíochta i measc daoine atá faoi mhíchumas a mhéadú ó 37% go 45% faoi 2016, mar atá tomhaiste sa tSuirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh. Méadófar an ráta rannpháirtíochta foriomláine in oideachas, oiliúint agus fostaíocht go 50% faoi 2016. Déanfar athbhreithniú ar na spriocanna seo i bhfianaise na taithí, agus nuair a bheidh sonraí níos fearr ar fáil.*

- Táthar ag déileáil leis an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta anois ar bhonn tras-rannach i bPlean Feidhmithe na Straitéise Náisiúnta Míchumais, rud atá á forbairt faoi láthair ag an Aire Stáit um Míchumas, Comhionannas, Meabhairshláinte agus Seanóirí sa Roinn Sláinte agus sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta faoi láthair, agus tuairiscíodh ar an dul chun cinn mar seo a leanas:

- Cheap an tAire dhá ghrúpa nua i Samhain 2011 le cabhrú léi i gcur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais, is iad sin, Grúpa Feidhmithe na Straitéise Náisiúnta Míchumais (rud ina bhfuil 10 Roinn Rialtais páirteach) agus an Grúpa Náisiúnta Páirtithe Leasmhara Míchumais. Tá an Roinn Coimirce Sóisialaí tar éis na gníomhartha go léir is mian léi a bheith san áireamh i bPlean Feidhmithe na

Straitéise Náisiúnta Míchumais a sheoladh isteach, rud atá sceidealta le bheith glactha ag na páirtithe go léir in Aibreán 2013.

- Aistríodh tacaí fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a bhí á riar agus á n-oibriú ag FÁS roimhe seo, is iad sin, Fostaíocht Thacaithe, an Scéim Fóirdheontas Pá agus an Ciste Cóiríochta Réasúnta, aistríodh go dtí an Roinn Coimirce Sóisialaí iad in Eanáir 2012, faoi ath-leithroinnt fhreagrachtaí FÁS.

Líon na nDaoine faoi Mhíchumas a bhí cláraithe i Scéimeanna/Cláir Tacaíochta Fostaíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí ag deireadh na bliana.

| Bliain | Scéim Fóirdheontas Pá | Fostaíocht Thacaithe | Fostaíocht Phobail |
|---|---|---|---|
| 2012 | 1209 | 2827 | 2831 |
| 2011 | 1133 | 2903 | 3932 |


Cuimsíonn an Chóiríocht Réasúnta (Tacaíocht Míchumais / líne Buiséad Feasachta) roinnt cláir deontais a bhfuil buiséid bheaga acu agus atá á stiúradh ag an éileamh. Ní thaifeadtar ach fíorchaiteachas i gcomparáid leis an mbuiséad.
Seo a leanas an caiteachas iomlán:

| Bliain | € |
|---|---|
| 2011 | 392,000 |
| 2012 | 368,000 |

## Dul chun cinn maidir le gníomhartha ar leith sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta

In éineacht leis sin, tá 11 sprioc/ghníomh sa Phlean a chuimsíonn tithíocht, tacaíocht ioncaim, oideachas agus teacht ar fhoirgnimh, bonneagar agus iompar poiblí. As na gníomhartha seo, tá 5 cinn acu ar siúl go fóill, dhá cheann atá críochnaithe, athsholáthartha agus tuairiscithe sa ***Tábla Gníomhartha***, trí cinn atá críochnaithe agus ceann amháin eile atá imithe i léig. Féach Léaráid 4 thíos chun tuilleadh sonraí a fháil faoi ranna atá páirteach sa Timthriall Daoine faoi Mhíchumas.

### Léaráid 4: Daoine faoi Mhíchumas – Stádas Gníomhartha na Roinne




Tá an líon gníomhartha is airde (3) ar siúl ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil sa timthriall seo, agus tá an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus an Roinn Coimirce Sóisialaí ina diaidh, agus 2 ghníomh an ceann ar siúl acu. Tá ceann amháin ag ranna eile.

Tá tuilleadh sonraí faoi dhul chun cinn maidir le gníomhartha ar leith sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta ar fáil sa ***Tábla Gníomhartha*** a bhaineann leis an tuarascáil seo ag na naisc seo a leanas: ***www.socialinclusion.ie*** agus ***www.welfare.ie***

# Caibidil 8

# Pobail

## Spriocanna Ardleibhéil

### Sprioc 10: Tithíocht

Tithíocht ar ardchaighdeán a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil in acmhainn freastal ar a riachtanais tithíochta féin, agus le taca a chur faoi thógáil pobal inbhuanaithe. Gné thábhachtach a bheidh ann ná an t-aschur feabhsaithe tithíochta atá in 'I dTreo 2016', rud a mbeidh freastal ar na riachtanais chóiríochta atá ar thuairim is 60,000 teaghlach nua mar thoradh air, i rith na tréimhse ó 2007 go dtí 2009. Cuimseoidh sé seo freastal ar riachtanais speisialta tithíochta (daoine gan dídean, an lucht siúil, seanóirí agus daoine faoi mhíchumas).

### Sprioc 11: Ranníocaíocht

500 foireann cúraim phríomhúil a fhorbairt faoi 2011 a fheabhsóidh teacht ar sheirbhísí sa phobal, le béim ar leith ar fhreastal ar riachtanais sealbhóirí cártaí leighis.

### Sprioc 12: Imircigh a Chomhtháthú

Straitéis a fhorbairt atá dírithe ar chomhtháthú inimirceach nua inár sochaí a bhaint amach. Mar ghníomh tosaigh, soláthrófar acmhainní chun 550 múinteoir a chur ar fáil mar thacaí teanga san earnáil oideachais faoi 2009, chomh maith le teacht ar sheirbhísí poiblí eile trí aistriú eolais, agus feabhsófar na tacaí.

### Dul Chun Cinn Spriocanna Ardleibhéil

Bhain trí cinn den dá sprioc ardleibhéil déag sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta le tithíocht, sláinte agus imeascadh imirceach.

### Sprioc 10: Tithíocht a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil riachtanais tithíochta orthu

*Tithíocht ar ardchaighdeán a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil in acmhainn freastal ar a riachtanais tithíochta féin, agus le taca a chur faoi thógáil pobal inbhuanaithe. Gné thábhachtach a bheidh ann ná an t-aschur feabhsaithe tithíochta atá in 'I dTreo 2016', rud a mbeidh freastal ar na riachtanais chóiríochta atá ar thuairim is 60,000 teaghlach nua mar thoradh air, i rith na tréimhse ó 2007 go dtí 2009. Cuimseoidh sé seo freastal ar riachtanais speisialta tithíochta (daoine gan dídean, an lucht siúil, seanóirí agus daoine faoi mhíchumas).*

Thuairiscigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil:

Freastalaíodh ar riachtanais a bhí ar thuairim is 9,100 teaghlach in 2011 trí réimsí éagsúla meicníochtaí soláthair tithíochta sóisialta. Cé nach bhfuil miondealú mionsonraithe ar an aschur in 2012 ar fáil go fóill, cuireadh maoiniú de thuairim is €670 milliún ar fáil faoi na scéimeanna éagsúla tithíochta in 2012, deontais athnuachana agus oiriúnaithe san áireamh.

### Sprioc 11: Foirne Cúraim Phríomhúil

*500 foireann cúraim phríomhúil a fhorbairt faoi 2011 a fheabhsóidh teacht ar sheirbhísí sa phobal, le béim ar leith ar fhreastal ar riachtanais sealbhóirí cártaí leighis.*

Thuairiscigh an Roinn Sláinte:
go bhfuil an Rialtas tiomanta do chur i bhfeidhm na Straitéise Cúraim Phríomhúil. Is é príomhchuspóir na Straitéise ná seirbhísí a fhorbairt sa phobal a thabharfaidh teacht díreach do dhaoine ar fhoirne comhtháite ildisciplíneacha dochtúirí ginearálta, altraí, fisiteiripeoirí, teiripeoirí saothair agus oibrithe sláinte eile. Cuirfear seirbhísí breise, amhail teiripe urlabhra agus teanga, chomh maith le seirbhísí diaitéiteacha agus cosliachta ar fáil trí líonra. Meastar go bhféadfaí freastal go cuí ar thuairim is 95% de riachtanais sláinte agus seirbhíse sóisialta daoine i suíomh cúraim phríomhúil, agus cuireann Foirne Cúraim Phríomhúil (FCP) go mór le feabhsú na seirbhísí sláinte atá bunaithe sa phobal sna ceantair seo.

Tar éis d'ailíniú a bheith déanta ar limistéir de FSS agus cumasc foirne áirithe, tá 484 Foireann Cúraim Phríomhúil a fhorbrófar faoi dheireadh 2013 aitheanta ag FSS. Ag deireadh Nollaig 2012, bhí 426 Foireann Cúraim Phríomhúil ag oibriú .i. bhí cruinnithe foirne cliniciúla á dtionól acu ar chásanna cliant ar leith, agus seirbhísí á gcur ar fáil acu do 4 mhilliún de mhuintir na tíre nach mór. Bhí tuairim is 1,692 dochtúir agus breis is 2,636 duine gairmiúil leighis comhaontach de chuid FSS páirteach sna FCPanna seo.

### Sprioc 12: Straitéis chun inimircigh nua a chomhtháthú

*Straitéis a fhorbairt atá dírithe ar chomhtháthú inimirceach nua inár sochaí a bhaint amach. Mar ghníomh tosaigh, soláthrófar acmhainní chun 550 múinteoir a chur ar fáil mar thacaí teanga san earnáil oideachais faoi 2009, chomh maith le teacht ar sheirbhísí poiblí eile trí aistriú eolais, agus feabhsófar na tacaí.*

Thuairiscigh an Roinn Oideachais agus Scileanna:

Is é is aidhm don Straitéis Oideachais Idirchultúrtha (SOI) ná a chinntiú:

- Go mbeidh eispéireas oideachais ag gach dalta/mac léinn a léiríonn "meas ar ilghnéitheacht luachanna, creideamh, teangacha agus traidisiúin i sochaí na hÉireann agus a chuirtear ar fáil le spiorad comhpháirtíochta" (An tAcht Oideachais, 1998).

- Cabhraítear le gach soláthraí oideachais le cinntiú gur gnáthrudaí iad cuimsiú agus imeascadh i dtimpeallacht foghlama idirchultúrtha.

Go leanfar de chur i bhfeidhm na straitéise de réir na srianta atá ann mar gheall ar an staid eacnamaíoch atá ann faoi láthair.


## Tacaíocht Teanga

- Ó Mheán Fómhair 2012, tá na hacmhainní comhcheangailte atá ar fáil le haghaidh tacaíocht foghlama (Samhail Leithdháilte Ghinearálta sa Bhunscolaíocht) agus tacaíocht teanga i mbunscoileanna agus meánscoileanna tar éis a bheith cónasctha i bpróiseas aonair simplithe leithdháilte.
- Tá breis is 4,700 post dá leithéid leithdháilte ar bhunscoileanna agus 777 post ar mheánscoileanna faoi láthair.Cuimsíonn sé seo an leithdháileadh caighdeánach foghlama/tacaíochta teanga a thugtar do gach scoil agus an tacaíocht bhreise a thugtar do scoileanna ina bhfuil líon mór daltaí a bhfuil tacaíocht teanga de dhíth orthu.
- Cuirtear poist bhreise shealadacha tacaíochta teanga ar fáil ar bhonn na n-achomharc a dhéantar chuig na Boird um Achomhairc Foirne.
- Tá an tSeirbhís Litearthachta do Dhaoine Fásta, rud atá maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus curtha ar fáil ag Coistí Gairmoideachais (CGanna) ar fud na tíre, tá sí dírithe orthu siúd a bhfuil leibhéil ísle scileanna litearthachta acu, agus cuimsíonn sí teagasc Béarla d'imircigh fhásta, chomh maith le bunseirbhísí oideachais. Cuimsíonn litearthacht daoine fásta, chomh maith le léamh agus scríobh, gnéithe bunoideachais anois amhail uimhearthacht, forbairt shóisialta agus phearsanta, foghlaim conas foghlaim agus scileanna TF.

## Dul chun cinn maidir le gníomhartha ar leith sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta

Chomh maith leis sin, tá 58 sprioc/gníomh sa Phlean, agus iad ag cuimsiú ceisteanna amhail iompar, bochtaineacht bhreosla, na healaíona agus tionscnaimh chultúrtha.
As na gníomhartha seo, tá 26 acu ar siúl go leanúnach, 9 gcinn críochnaithe agus athsholáthartha, dhá cheann atá imithe in éag agus athsholáthartha agus tuairiscítear orthu seo sa ***Tábla Gníomhartha***, tá 17 gcinn críochnaithe agus tá 4 cinn imithe in éag anois. Féach Léaráid 5 thíos chun tuilleadh sonraí a fháil faoi ranna atá páirteach sa Timthriall Pobal.

## Léaráid 5: Pobail – Stádas Gníomhartha na Roinne in 2012




Tá an líon gníomhartha is airde (23) ar siúl ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil sa timthriall seo, agus tá an Roinn Coimirce Sóisialaí ina diaidh agus 10 ngníomh ar siúl acu.

Tá tuilleadh sonraí faoi dhul chun cinn maidir le gníomhartha ar leith sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta ar fáil sa ***Tábla Gníomhartha*** a bhaineann leis an tuarascáil seo ag na naisc seo a leanas: ***www.socialinclusion.ie*** agus ***www.welfare.ie***

An Rannóg um Chuimsiú Sóisialta, An Roinn Coimirce Sóisialaí,
Teach Gandon, Urlár 1, Shráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie